Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

## Plean Gníomhaíochta 2022-2025



Prepared by the
Department of Tranport
**gov.ie/transport**

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas

## Sprioc 1: Sábháilteacht soghluaisteachta a fheabhsú

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 1. Tuarascáil bhliantúil maidir le sábháilteacht agus slándáil phearsanta paisinéirí iompair phoiblí a fhorbairt agus a fhoilsiú agus bearta a chur chun feidhme, nuair is cuí. | NTA | Oibritheoirí iompair | 2022: An tuarascáil a bheith forbartha.<br>2023: An chéad tuarascáil a bheith foilsithe agus tuarascálacha a bheith á bhfoilsiú gach bliain ina dhiaidh sin. |
| 2. Leanúint le feachtais feasachta a sheoladh ar mhaithe le cuimsitheacht, cúirtéis agus meas ar chách a chur chun cinn ar an iompar poiblí. | NTA | Oibritheoirí iompair | Feachtais a bheith ar siúl gach bliain |
| 3. Leanúint leis an mbonneagar iarnróid a chosaint agus a athnuachan trí Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair. | RI | CRR, IÉ, NTA | 2024: An conradh atá ann cheana a bheith athbhreithnithe.<br>2025: An conradh don tréimhse 2025-2030 a bheith comhaontaithe. |
| 4. Leanúint leis an mbonneagar bóithre a chosaint agus a athnuachan do gach úsáideoir bóithre, lena n-áirítear úsáideoirí soghluaisteachta inbhuanaithe. | RI, TII, Údaráis áitiúla | NTA | Leanúnach |

| GNÍOMHARTHA COMHLÁNTACHA SA STRAITÉIS MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2021-2030 | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 5. Bearta bainistíochta luais a leathnú ar bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla trí úsáid a bhaint as Luasteorainneacha Tréimhsiúla ag scoileanna, as Comharthaí Feithicil-Ghníomhachtaithe agus as Ceamaraí Meánluais i gcomhar leis an nGarda Síochána ag láithreach cuí ardriosca. (Gníomh 8 de RSS) | RI, NTA, TII | AGS, CCMA/ údaráis áitiúla, RSA | R4 2024 |
| 6. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre chun tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht coisithe agus rothaithe. (Gníomh 43 de RSS) | RI | NTA | R4 2023 |
| 7. Forfheidhmiú ceamarabhunaithe ag an nGarda Síochána a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear ag acomhail agus le haghaidh lánaí bus/rothar a bhainistiú, ag cur leis an reachtaíocht atá ann cheana agus a tugadh isteach le déanaí trí shocruithe riaracháin oiriúnacha trasghníomhaireachta a bhunú; agus, i gcás go sainaithneofar aon saincheisteanna reachtacha, tograí a bhreithniú agus a chomhaontú chun na saincheisteanna sin a réiteach. (Gníomh 67 de RSS) | RI | AGS, CCMA/ údaráis áitiúla, NTA, TII | R4 2022 |

# Sprioc 2: Iompar poiblí a dhícharbónú

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 8. Bonneagar breoslaithe/luchtaithe a sholáthar chun tacú le flít busanna poiblí astaíochtaí nialasacha a oibriú. | NTA | RCAC, RI, oibritheoirí iompair | 2025: An bonneagar breoslaithe agus luchtaithe a bheith i bhfeidhm don fhlít busanna poiblí. |
| 9. Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí bus fadraoin tráchtála agus oibleagáide seirbhíse poiblí a aistriú ina dteicneolaíochtaí astaíochtaí ísle. | NTA | RI | 2023: An creat straitéise a bheith forbartha. |
| 10. Straitéis a fhorbairt le haghaidh an flít beagfheithiclí seirbhíse poiblí a aistriú ina dteicneolaíochtaí astaíochtaí ísle/nialasacha. | RI | NTA, an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí | 2024: An straitéis a bheith forbartha agus a bheith á cur chun feidhme. |
| 11. Tús a chur le céim 1 de Chlár Iarnróid Comaitéireachta Limistéar Chorcaí a sholáthar. | NTA | CRR, RI, IÉ | 2024: Ardán Stáisiún an Cheanntaigh a bheith curtha i gcrích.<br>2025: An t-iarnród dúbailte ag Mainistir na Corann a bheith curtha i gcrích. |
| 12. Tús a chur leis an gClár DART+ a sholáthar. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 246 den Phlean Gnímh don Aeráid (CAP)) | IÉ, NTA | CRR, RI | 2022: DART+ Thiar: Iarratas ar Ordú Iarnróid a bheith curtha isteach.<br>DART+ Thiar Theas: Iarratas ar Ordú Iarnróid a bheith curtha isteach.<br>DART+ an Chósta Theas: An chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí a bheith curtha i gcrích.<br>DART+ an Chósta Thuaidh: An chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí agus an dara babhta comhairliúcháin phoiblí a bheith curtha i gcrích.<br>2023: DART+ an Chósta Thuaidh: Iarratas ar Ordú Iarnróid a bheith curtha isteach.<br>DART+ an Chósta Theas: An dara babhta comhairliúcháin phoiblí a bheith curtha i gcrích.<br>DART+ an Chósta Theas: Iarratas ar Ordú Iarnróid a bheith curtha isteach. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 13. Seirbhísí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i Limistéar Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath a aistriú ina bhflít busanna astaíochtaí ísle/nialasacha. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 268 de CAP) | NTA | RI, oibritheoirí iompair | 2025: 50% den fhlít busanna a bheith aistrithe ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha. |
| 14. Seirbhísí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i limistéir cheannchathartha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge a aistriú ina bhflít busanna astaíochtaí ísle/nialasacha. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 269 de CAP) | NTA | RI, oibritheoirí iompair | 2025: 40% den fhlít busanna a bheith aistrithe ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha. |
| 15. Seirbhísí bus baile agus Naisc Áitiúil a aistriú ina bhflít busanna astaíochtaí ísle/nialasacha. (Comhlánaíonn sé seo gníomhartha 270 agus 271 de CAP) | NTA | RI, Nasc Áitiúil, oibritheoirí iompair | 2022: An chéad seirbhís baile a bheith aistrithe ina seirbhís bus phoiblí lánleictreach.<br>2025: Trí sheirbhís baile sa bhreis a bheith aistrithe ina seirbhísí bus leictrithe agus 10% de sheirbhísí Naisc Áitiúil a bheith leictrithe. |
| 16. An tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid a chur i gcrích chun sainaithint a dhéanamh ar chonair i dtreo seirbhísí iarnróid idiruirbeacha a dhícharbónú go cuí, i measc nithe eile. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 285 de CAP) | RI | RBTÉ, IÉ, NTA | 2022: An tAthbhreithniú a bheith curtha i gcrích. |

# Sprioc 3: An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir cheannchathartha a mhéadú

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 17. Pleananna um shaoráidí do choisithe a bhreisiú a fhorbairt le haghaidh na gcathracha. | Údaráis áitiúla, NTA | RI, GIW | 2023: Na pleananna a bheith forbartha. |
| 18. Oibriú na scéimeanna comhroinnte rothar (rothair leictreacha san áireamh) a leathnú sna cathracha. | NTA | Údaráis áitiúla | 2022: Scéim comhroinnte rothar a bheith i mbun feidhme i bPort Láirge.<br>2024: Conradh nua le haghaidh comhroinnt rothar, comhroinnt rothar leictrithe san áireamh, a bheith i bhfeidhm agus an scéim a bheith leathnaithe tuilleadh ar fud na gcathracha réigiúnacha. |
| 19. Tionscadail bhreise bhonneagair rothaíochta a sholáthar sna cúig chathair. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 233 de CAP agus gníomh 5 de RSS) | Údaráis áitiúla, NTA | RI, TII | 2025: 400 km den Ghréasán i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a bheith tógtha nó á dtógáil.<br>200 km den Ghréasán sna Cathracha Réigiúnacha a bheith tógtha nó á dtógáil. |
| 20. Acmhainn an fhlít iarnróid a leathnú. | NTA | IÉ | 2023: 41 cheann sa bhreis de charráistí a bheith curtha i seirbhís do phaisinéirí.<br>2025: Seachadfar 95 cinn de charráistí DART+ |
| 21. Leanúint leis an bpróiseas breithmheasa agus pleanála le haghaidh iarnród éadrom nua i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus breithniú a dhéanamh ar a indéanta atá sé iarnród éadrom a sholáthar i nGaillimh. | NTA | RI, údaráis áitiúla, TII | 2022: Bealach Roghnaithe Éiritheach a bheith sainaitheanta do Luas Chorcaí.<br>2023: Doiciméid iarratais pleanála a bheith comhlánaithe do Luas Fhionnghlaise.<br>2023: An measúnú ar iarnród éadrom a sholáthar i nGaillimh a bheith curtha i gcrích mar chuid den athbhreithniú ar Straitéis Iompair na Gaillimhe. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 22. Tús a chur le hathdhearadh gréasáin BusConnects a sholáthar sna cúig chathair. (Comhlánaíonn sé seo gníomhartha 239 agus 240 de CAP) | NTA | RI, údaráis áitiúla, TII | 2022: An gréasán seirbhísí i gCorcaigh agus i nGaillimh a bheith tugtha chun críche.<br>2023: An gréasán seirbhísí i Luimneach agus i bPort Láirge a bheith tugtha chun críche.<br>2025: Céimeanna 1-11 d'athdhearadh gréasáin BusConnects Bhaile Átha Cliath a bheith curtha chun feidhme (cur chun feidhme céimnithe ar bhonn bliantúil).<br>Athdhearadh gréasáin BusConnects Chorcaí a bheith curtha chun feidhme go hiomlán.<br>Athdhearadh gréasáin BusConnects na Gaillimhe a bheith curtha chun feidhme go hiomlán. |
| 23. Tús a chur le hOibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus BusConnects a sholáthar sna cúig chathair. (Comhlánaíonn sé seo gníomhartha 241, 242, 243 agus 244 de CAP) | NTA | RI, údaráis áitiúla, TII | 2022: Cuireadh tús le tógáil droichead rothaíochta agus coisithe Chora na mBradán mar chuid de BusConnects na Gaillimhe.<br>Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála do Nasc Traschathrach mar chuid de BusConnects na Gaillimhe.<br>2023: Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála do scéim Bhóthar Bhaile Átha Cliath mar chuid de BusConnects na Gaillimhe.<br>Tús a bheith curtha le Scéimeanna Croíchonairí Bus Gathacha a thógáil ar an tsráid mar chuid den BusConnects i mBaile Átha Cliath. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 24. Tús a chur le MetroLink a sholáthar. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 247 de CAP) | TII | RI, NTA | 2022: Iarratas ar Ordú Iarnróid a bheith curtha isteach.<br>2025: Tús a bheith curtha le conarthaí oibreacha cumasúcháin MetroLink (faoi réir faomhadh and rialtais agus toiliú pleanála a fháil). |

| GNÍOMH COMHLÁNTACH SA PHLEAN GNÍMH DON AERÁID 2021 | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 25. Méadú a dhéanamh ar an soláthar saoráidí páirceála agus taistil/scéimeanna comhroinnte ag cómhalartuithe iompair. (Gníomh 260 de CAP) | NTA, TII | RI, IÉ, údaráis áitiúla, oibritheoirí iompair | 2022: Tús a bheith curtha leis an Straitéis Páirceála agus Taistil do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme. |

# Sprioc 4: An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir réigiúnacha agus thuaithe a mhéadú

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 26. Pleananna um shaoráidí do choisithe a bhreisiú a fhorbairt le haghaidh na lárionad réigiúnach fáis agus na bpríomhbhailte. | Údaráis áitiúla, NTA | RI, GIW | 2024: Na pleananna a bheith forbartha. |
| 27. Clár bonneagair taistil ghníomhaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh na lárionad réigiúnach fáis agus na bpríomhbhailte lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 233 de CAP agus gníomhartha 5 agus 40 de RSS) | NTA, TII | Údaráis áitiúla, RI, tionóil réigiúnacha | 2023: Gréasáin rothaíochta uirbeacha a bheith forbartha le haghaidh na lárionad réigiúnach fáis agus na bpríomhbhailte uile lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.<br>2025: 100 km de ghréasáin a bheith tógtha nó á dtógáil sna lárionaid réigiúnacha fáis agus sna bpríomhbhailte lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. |
| 28. Pleananna gréasáin rothaíochta a bheith forbartha agus foilsithe do gach contae. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 231 de CAP agus gníomh 176 de RSS) | NTA | Údaráis áitiúla, soláthraithe seirbhíse | 2023: Na pleananna a bheith foilsithe. |
| 29. Gréasán rothaíochta straitéiseach náisiúnta a fhorbairt agus a fhoilsiú. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 232 de CAP agus gníomh 39 de RSS) | TII | RI, údaráis áitiúla, NTA | 2022: An Gréasán Rothaíochta Náisiúnta a bheith foilsithe. |
| 30. An gréasán glasbhealaí a leathnú, agus naisc á mbunú le bailte agus sráidbhailte, ar aon dul leis an gréasán rothaíochta straitéiseach náisiúnta. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 231 de CAP) | TII, NTA | RI, údaráis áitiúla | 2025: 350 km de ghlasbhealaí a bheith tógtha nó á dtógáil. |
| 31. Samhail a fhorbairt le haghaidh scéimeanna comhroinnte rothar sna lárionaid réigiúnacha fáis agus sna príomhbhailte (lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le rothair leictreacha a sholáthar). | NTA | RI, údaráis áitiúla, soláthraithe seirbhíse | 2023: An tsamhail a bheith forbartha.<br>2024: Treoirthionscadail a bheith tugtha isteach. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 32. Córas breisithe iompair tuaithe a chur chun feidhme tríd an gclár 'Éire a Nascadh' a sholáthar. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 245 de CAP) | NTA | Údaráis áitiúla, oibritheoirí iompair | 2022: Tús a bheith curtha leis an gclár 'Éire a Nascadh' a chur chun feidhme le haghaidh réitigh bus agus iarnróid agus réitigh mhalartacha. |
| 33. Sainaithint a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann seirbhísí iompair sláinte nach seirbhísí éigeandála iad a chomhtháthú le seirbhísí Naisc Áitiúil trí threoirthionscadal ina soláthraítear seirbhísí den sórt sin a sheoladh i Luimneach agus trí fhaireachán a dhéanamh ar an tionscadal sin. | RI, FSS, NTA, RS | Nasc Áitiúil | 2024: An treoirthionscadal a bheith curtha i gcrích agus straitéis cur chun feidhme a bheith forbartha. |
| 34. Clár seirbhísí feabhsaithe bus baile a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | NTA | Údaráis áitiúla, RI, Nasc Áitiúil, oibritheoirí iompair, | 2025: Seirbhísí feabhsaithe bus baile a bheith curtha chun feidhme i gCeatharlach, in Inis, i Leitir Ceanainn, ar an Muileann gCearr agus i bPort Laoise. |
| 35. Clár breisithe stadanna bus agus scáthlán bus a fhorbairt le haghaidh seirbhísí réigiúnacha agus tuaithe agus tús a chur leis an gclár sin a sholáthar. (Comhlánaíonn sé seo gníomhartha 71 agus 72 de RSS) | NTA | Údaráis áitiúla | 2022: An clár a bheith forbartha.<br>2025: 200 scáthlán bus sa bhreis a bheith suiteáilte le haghaidh seirbhísí réigiúnacha agus tuaithe. |
| 36. An soláthar seirbhísí fruilchairr limistéir áitiúil a mhéadú i gcomhthráth leis an gclár 'Éire a Nascadh' a fhorbairt. | NTA | Údaráis áitiúla, an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí | 2022: An Scéim Fruilcharranna Limistéir Áitiúil a bheith athbhreithnithe agus fruilcharranna limistéir áitiúil a bheith forbartha ar aon dul leis an gclár 'Éire a Nascadh' le haghaidh carranna pobail.<br>2023: Leagan athbhreithnithe fóirdheonaithe den Chlár Fruilcharranna Limistéir Áitiúil a bheith tugtha isteach, bunaithe ar fhionnachtana an athbhreithnithe. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 37. Línte iarnróid réigiúnacha a uasghrádú. | IÉ | CRR, RI | 2022: Oibreacha athnuachana iarnróid a bheith curtha i gcrích ar an líne idir Baile Uí Bhróithe agus Luimneach.<br>2025: 50% den chlár um chrosairí comhréidhe atá faoi rialú an úsáideora a uasghrádú (agus a dhíothú) a bheith curtha i gcrích ar an líne idir Baile Uí Bhróithe agus Luimneach.<br>25% d'oibreacha feabhsúcháin iarnróid a bheith curtha i gcrích ar an líne idir Luimneach agus Port Láirge.<br>20% den chlár um chrosairí comhréidhe atá faoi rialú an úsáideora a uasghrádú (agus a dhíothú) a bheith curtha i gcrích ar an líne idir Luimneach agus Port Láirge. |

| GNÍOMH COMHLÁNTACH SA PHLEAN GNÍMH DON AERÁID 2021 | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 38. Conairí iompair phoiblí a sholáthar ar a soláthraítear lánaí tosaíochta bus ar bhealaí gathacha náisiúnta chuig an M50. (Gníomh 261 de CAP) | TII | NTA | 2025: Tús a bheith curtha leis na conairí a chur i bhfeidhm. |

# Sprioc 5: Daoine a spreagadh le soghluaisteacht inbhuanaithe a roghnú in ionad an chairr phríobháidigh

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 39. Aonad Bainistíochta Éilimh a bhunú laistigh den Roinn Iompair chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige i leith bainistíocht éilimh tráchta, agus aird á tabhairt ar mholtaí an Staidéir Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair. (Comhlánaíonn sé seo gníomhartha 250 agus 258 de CAP) | RI | Údaráis áitiúla, NTA, tionóil réigiúnacha, TII | 2022: An tAonad a bheith bunaithe. |
| 40. Scéim bainistíochta éilimh do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a fhorbairt. | NTA | RI, údaráis áitiúla, tionóil réigiúnacha, TII | 2023: An scéim bainistíochta éilimh do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a bheith forbartha agus foilsithe. |
| 41. Clár a fhorbairt le haghaidh páirceáil shlán rothar agus moil iompair a sholáthar sna príomhbhailte agus sna cathracha, agus tús a chur leis an gclár sin a chur chun feidhme. | NTA | Údaráis áitiúla, oibritheoirí iompair | 2023: An clár a bheith forbartha.<br>2025: 1,000 ceann de spásanna slána páirceála rothar a bheith curtha chun feidhme. |
| 42. An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta a leathnú chuig Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge ar mhaithe le bonneagar, iompraíocht taistil, tionchar an tsiúil agus na rothaíochta agus tionscnaimh nua a mheasúnú i ngach cathair. | NTA | RI, údaráis áitiúla | 2023: An suirbhé a bheith leathnaithe chuig cathracha réigiúnacha. |
| 43. Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an Treoirthionscnaimh um Rothair agus Rothair Leictreacha a Uaschúrsáil. | RFTP, RI | Pobal | 2023: An t-athbhreithniú a bheith foilsithe. |
| 44. Cláir na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste a leathnú chun go n-áireofar leo na nithe seo a leanas:<br>- Treoir le haghaidh tuilleadh cineálacha cuideachtaí agus saoráidí campais;<br>- Foireann uirlisí níos fearr le haghaidh measúnú a dhéanamh ar an áit oibre/ar an gcampas;<br>- Tacaíocht le haghaidh úsáid rothar san áit oibre/sa ghnólacht/ar an gcampas a éascú trí rothair fhóirdheonaithe a sholáthar le linn tréimhsí trialach;<br>- Deimhniú le haghaidh Fostóirí a Thacaíonn leis an Rothaíocht. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 249 de CAP) | NTA | RI | 2023: Na cláir a bheith leathnaithe. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 45. Staidéar a sheoladh chun measúnú a dhéanamh ar dhreasachtaí a bhfuil mar aidhm leo úsáid mhéadaithe an taistil ghníomhaigh mar mhodh iompair a spreagadh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta. | RI | | 2023: An staidéar a bheith curtha i gcrích. |

| GNÍOMHARTHA COMHLÁNTACHA SA PHLEAN GNÍMH DON AERÁID 2021 | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 46. Dlús a chur le pleananna soghluaisteachta inbhuanaithe a fhorbairt do scoileanna trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>- Oiliúint Cycle Right a leathnú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna;<br>- An Clár Bonneagair um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a chur i bhfeidhm;<br>- An t-athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile a chur i gcrích agus sainaithint a dhéanamh ar bhearta chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na scéime. (Gníomh 235 de CAP) | Rothaíocht Éireann, RO, NTA | Bus Éireann, RCAC, RI, RCPA, Clár na Scoileanna Glasa, údaráis áitiúla, NCSE | Gach bliain: Oiliúint a bheith á cur ar 5,000 dalta sa bhreis in aghaidh na bliana faoin gclár Cycle Right.<br>2022: Tús a bheith curtha leis an gClár Bonneagair um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil i 170 scoil.<br>Bearta a bheith sainaitheanta le haghaidh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an chórais Iompair Scoile. |
| 47. Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann bearta muirearaithe a thabhairt isteach le haghaidh úsáideoirí bóithre trí staidéar na Meastóireachta um Muirearú Níos Fearr le haghaidh Úsáideoirí Bóithre. (Gníomh 259 de CAP) | TII | RI, NTA | 2023: Dréachtphlean cur chun feidhme a bheith foilsithe. |

# Soghluaisteacht atá Dírithe ar an Duine

## Sprioc 6: Cur chuige uilethurais a ghlacadh i leith na soghluaisteachta, agus rochtain chuimsitheach do chách á cur chun cinn

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 48. An prionsabal um 'Rochtain do Chách' a chur chun cinn ar fud seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>- Oifigigh sheirbhíse do chustaiméirí a sholáthar ar gach traein idirchathrach;<br>- Feabhas a chur ar inrochtaineacht stáisiún iarnróid, lena n-áirítear rochtain ardáin, iontaofacht ardaitheora, soláthar faisnéise, agus comharthaí;<br>- Feabhas a chur ar inrochtaineacht stáisiún bus, lena n-áirítear tuilleadh bánna bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí, soláthar faisnéise, agus comharthaí;<br>- Méadú a dhéanamh ar an líon stadanna bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí agus ag a n-éascaítear ardaitheoirí cóiste;<br>- An flít cóistí ísealurláir a leathnú chun rochtain rampabhunaithe a éascú d'úsáideoirí cathaoir rothaí;<br>- An Pleanálaí Turais Náisiúnta a bhreisiú chun go n-áireofar leis faisnéis bhreise inrochtaineachta;<br>- Leithris is Áiteanna Feistis a sholáthar ag príomh-mhoil iompair amhail mórstáisiúin traenach agus bus. | RI, NTA | Údaráis áitiúla, oibritheoirí iompair | 2022: Oifigigh sheirbhíse do chustaiméirí a bheith soláthartha ar gach traein idirchathrach.<br>2025: Droichid choise agus ardaitheoirí a bheith ann in ocht stáisiún traenach sa bhreis ar mhaithe le rochtain uile-ardáin a éascú.<br>Bá bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí a bheith ann i ngach stáisiún bus.<br>Stadanna atá oiriúnach do chathaoir rothaí agus ag a n-éascaítear cóistí a bhfuil ardaitheoir orthu a bheith soláthartha i 50 baile sa bhreis.<br>100 feithicil ísealurláir sa bhreis a bheith tugtha isteach do sheirbhísí cóiste réigiúnacha/idirchathrach.<br>Tús a bheith curtha leis an bPleanálaí Turais Náisiúnta nua a chur i bhfeidhm.<br>Leithris is Áiteanna Feistis a bheith suiteáilte ag trí mhol iompair sa bhreis. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 49. An Scéim Cúnaimh Taistil a leathnú chuig áiteanna lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. | NTA | Oibritheoirí iompair | 2023: An scéim a bheith leathnaithe chuig Corcaigh.<br>2025: An scéim a bheith leathnaithe chuig Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. |
| 50. Méadú a dhéanamh ar an líon Feithiclí atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí sa fhlít beagfheithiclí seirbhíse poiblí. | NTA | An Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí, oibritheoirí iompair | 2025: Méadú 25% a bheith tagtha ar an líon Feithiclí atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí. |
| 51. A chinntiú go mbeidh oibleagáid chonarthach ar gach oibritheoir iompair nósanna imeachta oibríochtúla a chur i bhfeidhm chun cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu i gcás cur isteach neamhbheartaithe ar sheirbhísí. | NTA | Oibritheoirí iompair | 2022: Na conarthaí a bheith athraithe chun dáta. |
| 52. Straitéis chothromasach táillí a fhorbairt agus a chur chun feidhme do gach seirbhís fhóirdheonaithe is infheidhme. | NTA | Oibritheoirí iompair, RI | 2022: An straitéis a bheith forbartha.<br>2023: An straitéis a bheith á cur chun feidhme. |
| 53. Cárta Aosaigh Óig a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 248 de CAP) | NTA | RI, RLCMLÓ | 2022: An cárta a bheith tugtha isteach. |

# Sprioc 7: Bonneagar a dhearadh de réir Prionsabail Deartha Uilíoch agus Shamhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre

**CROÍGHNÍOMHARTHA**

| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
|---|---|---|---|
| 54. Cistiú a sholáthar le haghaidh aonaid a bhunú laistigh d'údaráis áitiúla chun scéimeanna taistil ghníomhaigh a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus leis an treoir náisiúnta maidir le dearadh. | RI, NTA | RTRÁO, údaráis áitiúla, TII | 2022: Na haonaid a bheith bunaithe. |
| 55. Foireann iniúchóireachta bonneagair a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a mbítear ag comhlíonadh na treorach náisiúnta maidir le dearadh agus chun measúnú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige luach ar airgead a ghlactar le linn dearadh agus tógáil. | NTA | RTRÁO, RI, údaráis áitiúla, TII | 2022: An fhoireann iniúchóireachta a bheith bunaithe. |
| 56. Cistiú a sholáthar d'údaráis áitiúla chun an bonneagar taistil ghníomhaigh atá ann cheana a uasghrádú ar mhaithe le caighdeáin sábháilteachta, tréscaoilteachta agus deartha a chomhlíonadh. | RI | RTRÁO, údaráis áitiúla, NTA, TII | Leanúnach |
| 57. Treoirlínte, caighdeáin agus reachtaíocht tacaíochta a athbhreithniú, a fhorbairt agus a athrú chun dáta chun gur féidir raon réiteach éagsúil a fhorbairt le haghaidh an spás bóthair a ath-leithdháileadh/a athdhearadh ar mhaithe leis an leagan amach bóithre carrbhunaithe atá ann cheana a athoiriúnú. | RI | CCMA/údaráis áitiúla, RTRÁO, NTA, TII | 2023: Na treoirlínte, na caighdeáin agus an reachtaíocht tacaíochta a bheith athraithe chun dáta. |
| 58. Treoirlínte maidir le bearta moillithe tráchta a ullmhú agus a eisiúint chuig údaráis bóithre faoi alt 38(6) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994. | RI | Údaráis áitiúla, RTRÁO, NTA | 2022: Na treoirlínte a bheith ullmhaithe agus eisithe. |
| 59. Caighdeáin náisiúnta agus treoirlínte bainistíochta tionscadal a athrú chun dáta chun freastal ar gach úsáideoir bóithre ar an ngréasán bóithre náisiúnta, lena n-áirítear saoráidí iompair phoiblí a sholáthar. | TII | RI, údaráis áitiúla, NTA | 2022: Na caighdeáin agus na treoirlínte a bheith athraithe chun dáta. |
| 60. Oiliúint ghairmiúil leanúnach a leathnú i bpríomhscileanna deartha agus caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm. | RI | Údaráis áitiúla, NTA, comhlachtaí gairmiúla, TII | 2022: Ceardlanna ar líne a bheith ar siúl.<br>2023: Clár oiliúna a bheith tugtha isteach do chéimithe. |

| GNÍOMH COMHLÁNTACH SA PHLEAN UM THITHÍOCHT DO CHÁCH | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 61. Leanúint le cur chuige comhpháirteach a ghlacadh i leith an Lámhleabhair Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha ar mhaithe le cur chun feidhme níos forleithne agus níos comhsheasmhaí an Lámhleabhair a chinntiú. (Cuspóir Beartais 21.1 de HfA) | RTRÁO, RI | Údaráis áitiúla, NTA | Leanúnach |

| GNÍOMHARTHA COMHLÁNTACHA SA STRAITÉIS MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2021-2030 | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 62. 60 scéim feabhsúcháin sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar agus ceithre mhionscéim ailínithe a chistiú ar bhóithre náisiúnta ar an meán in aghaidh na bliana ar mhaithe le limistéir cois bóthair atá maiteach, bóithre atá féinmhínitheach agus timpeallacht atá sábháilte d'úsáideoirí soghonta bóithre a chruthú. (Gníomh 2 de RSS) | TII | CCMA/údaráis áitiúla | Gach bliain |
| 63. Buanghrúpa comhordúcháin atá faoi stiúir ag an Roinn a bhunú chun formhaoirseacht a dhéanamh ar Threoirlínte agus Caighdeáin le haghaidh bóithre, tráchta, rothaíochta agus taisteal gníomhach chun na nithe seo a leanas a chinntiú:<br>- Cur Chuige Córais Shábháilte<br>- Comhsheasmhacht<br>- Cáilíocht/Iniúchóireacht<br>Oideachas/Oiliúint (Gníomh 54 de RSS) | RI | CCMA/údaráis áitiúla, NTA, TII | R4 2022 |
| 64. An Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta a athrú chun dáta chun go mbeidh ann an treoir atá athraithe chun dáta maidir le scéimeanna rothaíochta a dhearadh, atá ailínithe leis an gcur chuige córais shábháilte, lena n-áirítear oiliúint chuí. (Gníomh 55 de RSS) | RI, NTA | CCMA/údaráis áitiúla, TII | R2 2022 |
| 65. Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí rothaithe agus coisithe a éascú ag acomhail, lena n-áirítear bearta nach dteastaíonn soilse tráchta cumhachtaithe uathu. (Gníomh 56 de RSS) | RI | CCMA/údaráis áitiúla, NTA, RSA, TII | R4 2022 |

| GNÍOMHARTHA COMHLÁNTACHA SA STRAITÉIS MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2021-2030 | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 66. Treoirthionscadal a sheoladh (agus bonneagar tacaíochta a chur i bhfeidhm) chun scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé rothaithe a cheadú casadh ar chlé ag soilse dearga. An dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le bearta eile tosaíochta rothaíochta a chur san áireamh agus moltaí a dhéanamh ina leith. (Gníomh 57 de RSS) | RI | | R4 2022 |
| 67. Oiliúint a sholáthar do dhearthóirí, bainisteoirí tionscadal, innealtóirí agus údaráis áitiúla i ndearaí sábháilte a sholáthar, bunaithe ar an Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus ar an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta. (Gníomh 64 de RSS) | RI | CCMA/údaráis áitiúla, NTA, TII | R4 2022 |

# Sprioc 8: Soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí thaighde agus trí idirchaidreamh le saoránaigh

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 68. Straitéis um idirchaidreamh leis an bpobal a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na tairbhí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun feasacht an phobail a mhúscailt ar na roghanna atá ar fáil. | RI | Gach comhlacht | 2022: An straitéis um idirchaidreamh a bheith forbartha. |
| 69. Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh a fhorbairt agus é a fhoilsiú gach bliain. | NTA | POS, RI | 2023: An chéad suirbhé a bheith foilsithe agus suirbhéanna atá athraithe chun dáta a bheith á bhfoilsiú gach bliain ina dhiaidh sin. |
| 70. Grúpa Ceannaireachta a bhunú chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Bheartais agus ar sholáthar an phlean gníomhaíochta. | RI | CCMA, ranna rialtais, NTA, tionóil réigiúnacha, TII | 2022: An Grúpa Ceannaireachta a bheith bunaithe. |
| 71. Fóram Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe a thionól chun idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí maidir leis an dul chun cinn ar an mBeartas. | RI | Geallsealbhóirí | 2022: An Fóram a bheith bunaithe. |
| 72. Alt 17 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, a leasú chun Comhairle Chomhairleach de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair a bhunú. | RI | NTA | 2023: An reachtaíocht a bheith leasaithe. |
| 73. Treoir breithmheasa agus próisis athbhreithnithe breithmheasa a fhorbairt agus a athrú chun dáta bunaithe ar an bhfianaise agus an dul chun cinn modheolaíoch is ábhartha agus is infheidhme i réimse na soghluaisteachta inbhuanaithe. | RI | NTA, TII | 2022: An treoir breithmheasa a bheith athraithe chun dáta chun áit an Chomhchreata Breithmheasa atá ann cheana a ghlacadh. |
| 74. Líonra agus sásraí a bhunú chun comhairle a thabhairt maidir le tosaíochtaí taighde agus chun na tosaíochtaí sin a chomhaontú agus acmhainní a dhíriú orthu, ar taighde é ina soláthraítear bonn fianaise le haghaidh an Beartas a chur chun feidhme agus ina mbaintear leas as an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. | RI | NTA, TII, an lucht léinn, an lucht tionscail | 2022: An líonra agus na sásraí a bheith bunaithe. |

# Soghluaisteacht atá Comhtháite ar Shlí Níos Fearr

## Sprioc 9: Pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr ar gach leibhéal

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 75. Sainchúram reachtúil pleanála iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair a leathnú chun go n-áireofar leis limistéir cheannchathartha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge. | RI | RTRÁO, NTA | 2023: Reachtaíocht a bheith tugtha isteach chun an sainchúram a leathnú. |
| 76. A chinntiú gurb amhlaidh, nuair a bheidh athbhreithnithe reachtúla á ndéanamh ar na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha, go ndéanfar anailís ar an acmhainneacht forbartha úsáide talún, bunaithe ar an rochtain ar an gcroíghréasán iompair phoiblí atá beartaithe do gach réigiún. | NTA, tionóil réigiúnacha | RTRÁO, RI | 2025: Tús a bheith curtha leis an Athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. |
| 77. Pleananna áitiúla iompair a ullmhú le haghaidh na lárionad réigiúnach fáis agus na bpríomhbhailte agus tús a chur leis na pleananna sin a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt ar an Treoirnóta maidir le Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe. | Údaráis áitiúla, NTA | TII | 2025: Na pleananna áitiúla iompair le haghaidh na lárionad réigiúnach fáis agus na bpríomhbhailte a bheith curtha i gcrích. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 78. Straitéisí iompair limistéir cheannchathartha a sholáthar sna cathracha. (Comhlánaíonn sé seo gníomhartha 254 agus 256 de CAP) | NTA, údaráis áitiúla | RI, TII | 2022: Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a bheith foilsithe.<br>An tAthbhreithniú ar an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheith curtha i gcrích.<br>Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge a bheith foilsithe.<br>2023: An tAthbhreithniú ar Straitéis Iompair na Gaillimhe a bheith curtha i gcrích.<br>2025: Tús a bheith curtha leis an Athbhreithniú ar Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Chorcaí. |

| GNÍOMH COMHLÁNTACH SA PHLEAN UM THITHÍOCHT DO CHÁCH | | | |
|---|---|---|---|
| **GNÍOMH** | **COMHLACHT ATÁ FREAGRACH** | **TACAÍOCHT** | **AMLÍNE AGUS ASCHUR** |
| 79. Treoirlínte alt 28 a fhorbairt d'Údaráis Phleanála maidir le Dlúthlonnaíochtaí Inbhuanaithe, lena n-áirítear treoir maidir le tíopeolaíochtaí tithíochta le haghaidh cineálacha nuálacha cur chuige a éascú i leith lonnaíochtaí meándlúis agus lonnaíochtaí ard-dlúis. (Cuspóir Beartais 11.2 de HfA) | RTRÁO | RI | 2022: Na treoirlínte a bheith forbartha. |
| 80. Grúpa oibre de chuid RTRÁO, RI, an Údaráis Náisiúnta Iompair agus na Gníomhaireachta Forbartha Talún a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh forbairt iomparthreoraithe inár mór-lárionaid uirbeacha. (Cuspóir Beartais 26.1 de HfA) | RTRÁO, RI | LDA, NTA | R4 2021 |

# Sprioc 10: Soghluaisteacht chliste agus chomhtháite a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí nuálacha agus trí rialáil chuí a fhorbairt

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 81. Ceanglas a chur ar gach oibritheoir iompair agus ar gach soláthraí seirbhíse soghluaisteachta sonraí oscailte a sholáthar le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta ar fud na hÉireann. | NTA | RI, TII, údaráis áitiúla, oibritheoirí iompair, soláthraithe eile seirbhíse | 2023: Na conarthaí a bheith athraithe chun dáta. |
| 82. Creat rialachais a shainiú le haghaidh Soghluaisteacht ar Éileamh a chur chun feidhme agus a oibriú, ar creat é lena gcuimseofar na modhanna iompair uile ar fud na tíre. | NTA | RI | 2024: An creat rialachais a bheith sainithe. |
| 83. Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile a chur i bhfeidhm ar gach seirbhís bus oibleagáide seirbhíse poiblí a oibríonn i mBaile Átha Cliath. | NTA | RI, oibritheoirí iompair | 2023: An conradh le haghaidh Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile a bheith dáfa.<br>2025: An chéad bhealach bus ina bhfuil Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile i bhfeidhm a bheith curtha chun feidhme. |
| 84. Pleanálaí Turais Náisiúnta ilmhódach nua a chur i bhfeidhm. | NTA | Oibritheoirí iompair | 2022: An Pleanálaí a bheith curtha i bhfeidhm. |
| 85. Uathaimsiú Feithiclí Bus na Chéad Ghlúine Eile a chur i bhfeidhm. | NTA | Oibritheoirí bus | 2025: An córas Uathaimsithe Feithiclí a bheith curtha i bhfeidhm. |
| 86. Ionad Comhdhlúite Náisiúnta Teagmhála le Custaiméirí a fhorbairt don Iompar. | NTA | Oibritheoirí iompair | 2025: An tIonad a bheith forbartha. |
| 87. Seirbhísí comhroinnte carranna, rothar agus iompróirí cumhachtaithe pearsanta a leathnú ag moil iompair agus ag cómhalartuithe iompair. | NTA | RI, údaráis áitiúla, oibritheoirí iompair, TII | 2023: Straitéis a bheith forbartha le haghaidh seirbhísí comhroinnte leathnaithe a chur i bhfeidhm. |
| 88. Raon réiteach ticéadaithe atá níos simplí agus níos cothromasaí a fhorbairt chun úsáid an iompair phoiblí a dhreasú, lena n-áirítear struchtúir táillí, táillí lamháltais agus dreasachtaí cáinbhunaithe. | NTA | RI | 2022: Straitéis a bheith forbartha. |

| CROÍGHNÍOMHARTHA | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 89. Reachtaíocht a rith chun úsáid iompróirí cumhachtaithe pearsanta a cheadú ar bhóithre poiblí. (Comhlánaíonn sé seo gníomh 237 de CAP agus gníomh 134 de RSS) | RI | RSA | 2022: An reachtaíocht a bheith rite. |
| 90. Rialáil a thabhairt isteach chun úsáid shábháilte iompróirí cumhachtaithe pearsanta a chinntiú agus chun íoscheanglais sábháilteachta agus deartha a chinntiú dóibh. | RI | RSA | 2023: An rialáil a bheith tugtha isteach. |
| **GNÍOMHARTHA COMHLÁNTACHA SA STRAITÉIS MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2021-2030** | | | |
| GNÍOMH | COMHLACHT ATÁ FREAGRACH | TACAÍOCHT | AMLÍNE AGUS ASCHUR |
| 91. Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé ceamaraí bus-suite a úsáid chun páirceáil neamhdhleathach a bhrath i lánaí bus agus chun dul i mbun forfheidhmithe ina leith agus, nuair is cuí, chun moltaí a dhéanamh le haghaidh cur chun feidhme. (Gníomh 122 de RSS) | NTA | AGS, RI | R4 2022 |

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| AGS | An Garda Síochána |
| CAP | An Plean Gnímh don Aeráid |
| CCMA | Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach |
| CRR | An Coimisiún um Rialáil Iarnróid |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GIW | Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl |
| HfA | Tithíocht do Chách |
| IÉ | Iarnród Éireann |
| LDA | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NTA | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| POS | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| RBTÉ | Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann |
| RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| RFTP | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| RI | An Roinn Iompair |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RS | An Roinn Sláinte |
| RSA | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| RSS | An Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| TII | Bonneagar Iompair Éireann |

Department of Transport
**gov.ie/transport**

**An Roinn Iompair**
Department of Transport